An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Caritas College
Drumfinn Road
Ballyfermot, Dublin 10

Uimhir rolla: 60732H

Dáta na cigireachta: 7 Feabhra 2012

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta	6 agus 7 Feabhra 2012
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Cruinniú leis an gcomhordaitheoir agus le ball eile den roinn • Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith sé thréimhse ranga	• Idirghníomhaíocht leis na scoláirí • Athbhreithniú ar shamplaí d'obair na scoláirí agus ar shamplaí dá ndialanna scoile • Aiseolas do mhúinteoirí aonair • Aiseolas do roinn na Gaeilge agus don phríomhoide.

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhain cáilíocht an-mhaith le teagasc agus le foghlaim na Gaeilge i leath de na ranganna a breathnaíodh agus bhí sé cuibheasach i dtromlach an fhuílligh.
- Bhí úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide an-éifeachtach agus an-tacúil don fhoghlaim.
- Cé go raibh tuiscint mhaith ag na scoláirí ar an teanga a bhí in úsáid, ba léir go minic nach raibh an gnáth-theanga ranga a bhí riachtanach dóibh acu le húsáid go saoráideach.
- Cuirtear go leor deiseanna ar fáil do na scoláirí chun a dtaithí ar úsáid na Gaeilge agus ar an gcultúr a fhorbairt lasmuigh de ranganna foirmeálta.
- Tá dul chun cinn sásúil déanta maidir leis an gcomhphleanáil agus le comhtháthú ar fheidhmiú na bpleananna ó 2008.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Chun pleanáil fhorbartha an ábhair a stiúradh, moltar don roinn plean gníomhaíochta a fhorbairt le spriocanna forbartha agus straitéisí soiléire, agus spriocanna ama cinnte. Ba cheart monatóireacht agus athbhreithniú a bheith lárnach sa phróiseas.
- Mar a moladh in 2008, moltar na torthaí foghlama a mbeifí ag súil leo ag céimeanna difriúla san fhoghlaim a shainiú sna pleananna don ábhar, agus polasaí measúnaithe a fhorbairt a chinnteoidh go ndéanfar measúnú ar chumas labhartha Gaeilge na scoláirí i ngach bliainghrúpa.
- Moltar go mbeadh plé ag cruinnithe roinne ar mhodheolaíochtaí agus ar straitéisí teagaisc agus foghlama.

RÉAMHRÁ

Meánscoil dheonach do chailíní is ea Caritas College. Tá an scoil suite i mBaile Formaid agus tá 310 cailín ar an rolla. Feidhmíonn an scoil faoi iontaobhas CEIST. Soláthraíonn an scoil an Idirbhliain. Rinneadh cigireacht ar an nGaeilge sa scoil cheana in 2008. Rinneadh an chigireacht seo mar chuid de Mheastóireacht Scoile Uile.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhain cáilíocht an-mhaith le teagasc agus le foghlaim na Gaeilge i leath de na ranganna a breathnaíodh agus bhí sé cuibheasach i dtromlach an fhuílligh.
- Sna cásanna sin ina raibh an teagasc an-mhaith, bhí an phleanáil agus ullmhúchán an-mhaith, rud a chinntigh struchtúr agus luas oiriúnach na hoibre. Bhí an fhorbairt ar an bhfoghlaim soiléir do na scoláirí, bhí na scoláirí gníomhach agus bhí acmhainní de chaighdeán maith ullmhaithe agus roghnaithe.
- Bhí ionchais arda ag na múinteoirí d'fhoghlaim na scoláirí sna ranganna ar fad. É sin ráite, ní mór na hionchais a bheith ag teacht le cumas na scoláirí agus mar sin moltar difreáil a dhéanamh ar an bhfoghlaim trí na tascanna a bhíonn le déanamh le linn ranga agus mar obair bhaile.
- Bhí úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide sna ranganna a breathnaíodh an-éifeachtach agus an-tacúil don fhoghlaim.
- Cé go raibh tuiscint mhaith ag na scoláirí ar chaint an mhúinteora agus go mba léir taithí a bheith acu ar obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí, ba i roinnt bheag cásanna a d'éirigh leis na scoláirí an plé a bhí eatarthu ar an obair a dhéanamh i nGaeilge. Ba cheart an dea-chleachtas seo a leathnú agus a chinntiú, mar a moladh cheanna in 2008, go mbeadh an teanga a bhíonn riachtanach do na scoláirí chun comhoibriú lena chéile san fhoghlaim agus chun gnáthchumarsáid ranga a dhéanamh trí mheán na Gaeilge acu.
- Bhain na scoláirí úsáid mhaith as na foclóirí a bhí ar fáil ina gcuid oibre, scil atá tábhachtach d'fhorbairt na litearthachta.
- Coimeádann na múinteoirí taifid mhaithe ar dhul chun cinn na foghlama.
- Tugadh obair bhaile i ngach rang ach léirigh dialanna na scoláirí nach nós rialta é i ngach cás.
- Léirigh athbhreithniú ar shamplaí d'obair scríofa na scoláirí gur i gcásanna áirithe a chuirtear na prionsabail a bhaineann leis an measúnú chun foghlama i bhfeidhm. Moltar úsáid an chleachtais seo a leathnú.
- Tá leibhéil rannpháirtíochta na scoláirí sna scrúduithe teistiméireachta go maith. Ba cheart do na múinteoirí na torthaí seo agus gnóthachtáil na scoláirí sna scrúduithe tí a phlé agus a chur san áireamh sa phróiseas pleanála don ábhar.
- Déantar measúnú ar chumas labhartha Gaeilge na scoláirí sa tsraith shinsearach go príomha. Moltar, mar a rinneadh in 2008, go gcuirfí cumas labhartha Gaeilge na scoláirí san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an bhfoghlaim i gcás gach bliainghrúpa.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá an soláthar ama atá ar fáil don Ghaeilge agus na háiseanna agus na hacmhainní atá ar fáil an-mhaith.
- Cuireann na múinteoirí, i gcomhar leis an mbainistíocht, go leor deiseanna ar fáil do na scoláirí chun a dtaithí ar úsáid na Gaeilge agus ar an gcultúr a fhorbairt.
- Déantar sruthú ar na ranganna agus ní bhíonn tráthchlárú comhuaineach i gceist go dtí an tríú bliain agus sa tsraith shinsearach. Moltar, mar a rinneadh in 2008 agus mar straitéis chun cur le líon na scoláirí a thugann faoin ardleibhéal sa Teastas Sóisearach, scoláirí a dháileadh ar ranganna cumais mheasctha don chéad téarma sa chéad bhliain ar a laghad.
- Baineann an fhoireann leas as deiseanna a sholáthraítear dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach.
- Baineann cáilíocht mhaith leis an dréachtpholasaí obair bhaile atá ar fáil.
- Mar a moladh in 2008, moltar go bhforbródh an roinn polasaí don mheasúnú a thabharfadh cuntas ar nósanna imeachta agus tuairiscithe chomh maith leis na modhanna a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar na scileanna teanga difriúla.
- Déanann na múinteoirí uainíocht ar a chéile i ról an chomhordaitheora agus coimeádtar miontuairiscí ar na cruinnithe. Moltar go ndíreodh na cruinnithe anois níos mó ar phleanáil don fhoghlaim agus plé ar mhodheolaíochtaí agus straitéisí teagaisc agus foghlama.
- Bhí inniúlacht Ghaeilge labhartha na múinteoirí chun críche teagaisc sásúil.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Tá dul chun cinn sásúil déanta maidir leis an gcomhphleanáil agus le comhtháthú ar fheidhmiú na bpleananna ó 2008 ach bhí moltaí eile sa tuairisc sin nach ndearnadh aon dul chun cinn ina dtaobh.
- Chun pleanáil fhorbartha an ábhair a stiúradh, moltar don roinn plean gníomhaíochta a fhorbairt le spriocanna soiléire forbartha agus ama.
- Moltar arís athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna don ábhar sna cláir dhifriúla agus na torthaí foghlama a mbeifí ag súil leo ag céimeanna difriúla san fhoghlaim a shainiú. Ba cheart iad seo a bheith bunaithe ar na feidhmeanna teanga agus go léireodh siad forbairt chéimniúil na foghlama.
- Chun tacú leis an moladh atá déanta níos luaithe maidir le ranganna cumais mheasctha, moltar modúl ar leith a dhearadh don chéad bhliain sa chéad téarma a mbeadh mar aidhm leis dianchúrsa a sholáthar dóibh i labhairt na teanga agus i bhforbairt na mbunscileanna litearthachta agus uimhearthachta. Ba cheart dul i gcomhairle le *Curaclam na Bunscoile: Gaeilge* i dearadh an mhodúil seo.
- Is doiciméid oibre iad na pleananna agus mar sin ba cheart monatóireacht rialta a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm agus leasuithe a nótáil iontu, rud a chabhróidh leis an bpróiseas athbhreithnithe agus féinmheastóireachta.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair.

Foilsithe Samhain 2012